# GLUAISCHÁRTA

## Téarmaí Úsáideacha:

**An Creat:** Doiciméad ina leagtar amach fís teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe na Sraithe Sóisearaí.

**Am Gairmiúil:** Am a chuirfear ar fáil do mhúinteoirí chun páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha.

**Comhairliúchán:** An próiseas a leanadh chun tuairimí a bhailiú faoin ábhar sular foilsíodh an tSonraíocht.

**Comhionannú:** Comhthuiscint an léitheora le tréithe, mothúcháin nó taithí carachtair.

**Contanam na Foghlama:** Turas an tsealbhaithe, ó fhoghlaimeoir go húsáideoir neamhspléach.

**Cur chuige comhtháite:** Cur chuige comhshnaidhmithe/cónasctha.

**Dul na teanga:** Comhréir, fairsinge agus saibhreas na Gaeilge.

**Eiseamláir:** Sampla.

**Eispéireas Foghlama:** Na cúinsí a théann i bhfeidhm ar an scoláire ar thuras na foghlama .

**Féidearthacht:** Rogha / deis.

**Féinriar:** Nuair atá duine in ann iad féin a threorú agus a bhainistiú.

**Féinfheasacht:** A bheith eolach fút féin agus muiníneach asat féin dá bharr.

**Forbairt sa tsealbhú teanga:** An sprioc nó an ceann scríbe a bhíonn ag an scoláire ar an turas teanga chun a bheith ina úsáideoir teanga cumasach, neamhspleách, féinrialaitheach.

**Forbhreathnú:** An mórphictiúr.

**Idirghníomhú:** An tionchar a bhíonn ag daoine ar a chéile agus iad i mbun cumarsáide.

**Inniúlacht:** Cumas / ábaltacht.

**Intinní Foghlama:** Ráiteas do cheacht, nó do shraith de cheachtanna.

**Nuálaíocht:** Cruthaitheacht ar bhealach úr / nua.

**Pobal Teanga:** Pobal ina bhfuil an sprioctheanga á labhairt mar ghnáth-theanga cumarsáide i réimse an teaghlaigh agus i réimsí lasmuigh de.

**Punann:** Blag foghlama le samplaí de shaothar an scoláire, idir thascanna labhartha agus thascanna scríofa. Cuireann sé síos ar an méid a d'fhoghlaim an scoláire trí na tascanna seo a dhéanamh. Beidh réimse leathan ábhair sa phunann/bhlag foghlama, mar shampla tionscnaimh, logaí foghlama, píosaí cruthaitheacha (dánta/amhráin agus araile a chum an scoláire) giotaí machnamhacha, ábhair thaifeadta (closamhairc agus físe), cuir i láthair a rinne sé agus araile.

**Réasúnaíocht:** Na tuairimí / smaointí atá taobh thiar den tSonraíocht.

**Sealbhú teanga:** Foghlaim agus forbairt na teanga i dtreo na cumarsáide muiníní.

**Seánra:** Saghas, sórt nó cineál téacs litríochta.

**Sonraíocht:** Cáipéis atá bunaithe ar eispéiris; dírithe ar céard a bheidh ar chumas na scoláirí tabhairt faoi sa saol; tar éis dóibh dul i ngleic le ***Torthaí Foghlama*** na Sonraíochta.

**Scileanna Gabhchumais:** Éisteacht, Léamh.

**Scileanna Ginchumais:** Labhairt, Scríobh, Idirghníomhú.

**Snáitheanna:** Gnéithe ar leith den ábhar foghlama atá fite fuaite trí chúrsa.

**Torthaí Foghlama:** Ráitis i Sonraíochtaí Curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

# Acrainmneacha

**AFMÁ:** Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

**CNCM:** An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

**COGG:** An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

**CSS:** Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**FGL:** Forbairt Gairmiúil Leanúnach

**FMS:** Féinmheastóireacht Scoile

**MRB:** Measúnú Rangbhunaithe

**PGSS:** Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

**ROS:** An Roinn Oideachais agus Scileanna

**SSM:** An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

**TM:** Tasc Measúnachta/Measúnaithe

# Naisc Úsáideacha:

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

www.juniorcycle.ie

Twitter: @JCforTeachers

Email: info@jct.ie